Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8713/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0100 (NLE)**

**RESUA 7**
**FIN 606**
**ECOFIN 542**
**ELARG 58**
**COEST 321**
**DEVGEN 71**
**UA PLATFORM 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 185 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 185 final.

Faoi iamh: COM(2026) 185 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.4.2026
COM(2026) 185 final

2026/0100 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447**

GA GA

2026/0100 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 20(2) agus Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin (‘an tSaoráid’), cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 38 338 555 759 agus SEK 2 000 000 000[2]ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024-2027 i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha agus iasachta. Déantar maoiniú faoi Cholún I a leithdháileadh ar bhonn Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin (‘an Plean’) go príomha. Leagtar amach sa Phlean clár oibre athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine, agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

(2) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447[3]. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

(3) Is é EUR 32 338 555 759 suim iomlán na n-acmhainní airgeadais a cuireadh ar fáil le haghaidh an Phlean faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, a bhfuil EUR 5 338 555 759 agus SEK 2 000 000 000 di i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus suas le EUR 27 000 000 000 di i bhfoirm iasachta.

---

1 IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

2 IO L, 2026/480, 23.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/480/oj. I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/480 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, soláthróidh an tSualainn SEK 2 000 000 000 mar ranníocaíocht airgeadais bhreise le Colún I den tSaoráid don Úcráin i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, tar éis comhaontú maidir le haistriú idir an tSualainn agus an Coimisiún a theacht i bhfeidhm agus tar éis aistriú na ranníocaíochta airgeadais lena mbaineann.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus EUR 1 890 000 000 i bhfoirm réamh-mhaoinithe, ar réamhíocaíocht 7 % é den tacaíocht iasachta atá an Úcráin incháilithe a fháil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 18 874 654 180 leis an Úcráin sna chéad sé thráthchuid faoin bPlean, ar eisíocadh EUR 3 601 252 880 de i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus EUR 15 273 401 300 i bhfoirm iasachta. I gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 1 149 610 850 ó na chéad sé thráthchuid chun réamh-mhaoiniú na hiasachta a imréiteach.

(6) An mhodheolaíocht chun comhlíonadh páirteach céimeanna i bPlean na hÚcráine[4] a láimhseáil, glacadh é an 24 Márta 2025 i gcomhréir le hAirteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2024/792. Bliain amháin tar éis an chur i bhfeidhm, tá taithí phraiticiúil leormhaith faighte chun údar a thabhairt le hathbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht sin. Ina theannta sin, mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, atá fós ar siúl, agus toisc go bhfuil dlús á chur leis na hionsaithe ar bhonneagair chriticiúla shibhialtacha agus fuinnimh na hÚcráine, tá dochar mór á dhéanamh d'obair reachtach *Verkhovna Rada* agus tá drochthionchar á imirt fós ar acmhainneachtaí riaracháin na hÚcráine. I gcomhréir leis an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún an 16 Aibreán 2026[5], d'fhéadfaí an luach fionraí a choigeartú chun tosca maolaitheacha a chur san áireamh. Ba cheart don Chomhairle cur i bhfeidhm na dtosca maolaitheacha a shuí, mar aon leis an gcinneadh críochnaitheach maidir leis an luach fionraí coigeartaithe, i gcomhréir le hAirteagail 19, 20 agus 26 de Rialachán (AE) 2024/792.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 14 Aibreán 2026, chuir an Úcráin iarraidh chuí-réasúnaithe isteach ar íocaíocht cuid den chúigiú, séú agus seachtú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta, is é sin, EUR 2 949 367 660. Cumhdaíodh leis an iarraidh freisin ceithre chéim ó thráthchodanna ina dhiaidh sin. Bhí sraith doiciméad ag gabháil leis an iarraidh lenar léiríodh comhlíonadh sásúil céime amháin sa chúigiú tráthchuid, dhá chéim sa séú tráthchuid, aon chéim déag sa seachtú tráthchuid, dhá chéim san ochtú tráthchuid agus dhá chéim sa naoú tráthchuid. Chuir sí isteach freisin gach doiciméad a bhí ina cheanglas faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagail 9, 10 agus 22, faoi seach, de Rialachán (AE) 2024/792.

(8) Na céimeanna atá ina mbonn faoin iarraidh is déanaí ón Úcráin, baineann siad le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí, an córas breithiúnach, an troid in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid, margaí airgeadais, bainistíocht sócmhainní poiblí, an caipiteal daonna, an timpeallacht ghnó, an earnáil fuinnimh, an t-iompar, an earnáil agraibhia, bainistíocht amhábhar criticiúil, an claochlú digiteach agus an t-aistriú glas, agus cosaint an chomhshaoil. Glacadh an straitéis mheántéarmach um bainistiú fiachais stáit, leasuithe ar an reachtaíocht ábhartha maidir le rialú airgeadais stáit, an straitéis

---

4 IO C, C/2025/2114, 3.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2114/oj.

5 IO C, C/2026/2328, 17.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2328/oj.

fostaíochta daonra, an clár eacnamaíoch spriocdhírithe stáit chun nuachóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhiontair giniúna teasa don tréimhse go dtí 2030, agus an rún maidir leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin. Líonadh 20 % ar a laghad de na folúntais bhreithiúnacha, thángthas ar réiteach maidir leis an 20 % de na seanchásanna araíonachta nach raibh breithnithe faoi dheireadh 2023, agus cuireadh i gcrích an mheastóireacht ar cháilíochtaí (grinnfhiosrúchán) i leith 50 % de na breithiúna a raibh orthu dul faoin meastóireacht fós an 30 Meán Fómhair 2016. An dlí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte a bhaineann le hoibleagáidí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta agus maidir leis na himeachtaí forfheidhmiúcháin a dhigiteáil a thuilleadh, an dlí maidir le feabhas a chur ar rialáil an stáit le haghaidh margaí caipitil agus margaí tráchtearraí eagraithe, an reachtaíocht maidir le bunphrionsabail an bheartais tithíochta, an reachtaíocht i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta maidir le dírialáil in earnálacha sonracha, an dlí maidir le trasuí an phacáiste comhtháthaithe leictreachais agus an gníomh dlí maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite, tá siad ar fad tagtha i bhfeidhm. Tá córas bailithe sonraí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte i bhfeidhm anois. Foilsíodh an measúnú ar athléimneacht an chórais baincéireachta, an tuarascáil ar chur chun feidhme na tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta Stáit agus staidéar ar an reachtaíocht maidir le tuairisciú comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil ceann den dá chéim atá fágtha a bhfuil gá leo le haghaidh an chúigiú tráthchuid, an dá cheann den dá chéim atá fágtha a bhfuil gá leo le haghaidh an séú tráthchuid, agus aon cheann déag de na fiche céim a bhfuil gá leo le haghaidh an seachtú tráthchuid, mar a shonraítear go mion san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Rinneadh an measúnú sin i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean. Déanfar ailíniú breise le *acquis* an Aontais a éascú trí phróiseas aontachais an Aontais. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil dhá chéim san ochtú tráthchuid agus dhá chéim sa naoú tráthchuid, agus chuir sé a mheasúnú ar na céimeanna sin san áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Faoi láthair, ní dhéantar an measúnú sin ach amháin d'fhonn modheolaíocht na híocaíochta páirtí a chur i bhfeidhm agus tá sé gan dochar don mheasúnú ar an ochtú agus ar an naoú tráthchuid, faoi seach. Ar bhonn an mheasúnaithe sin agus i gcomhréir leis an modheolaíocht maidir le comhlíonadh páirteach céimeanna i bPlean na hÚcráine[6] a láimhseáil, molann an Coimisiún coigeartú anuas a dhéanamh ar an luach fionraí a bhaineann leis na céimeanna gan comhlíonadh faoin seachtú tráthchuid, agus a áirithiú an tráth céanna go gcoinnítear dreasachtaí leordhóthanacha ar bun le haghaidh chur chun feidhme na gcéimeanna gan comhlíonadh.

(10) Ina hiarraidh ar íocaíocht, dheimhnigh an Úcráin nár aisiompaigh sí aon bheart a bhaineann leis na céimeanna a bhí comhlíonta go sásúil aici roimhe sin.

(11) De réir mheasúnú breise an Choimisiúin, tá an réamhchoinníoll maidir le tacaíocht ón Aontas a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792 á chomhlíonadh ag

---

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún lena leasaítear an mhodheolaíocht chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht C(2025) 1725 (IO C, 2026/2328, 17.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2328/oj).

an Úcráin fós. Go sonrach, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart a shuí leis an gCinneadh seo gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha ábhartha maidir le híocaíocht an chúigiú tráthchuid i ndáil le ceann den dá chéim atá fágtha, íocaíocht an séú tráthchuid i ndáil leis an dá chéim atá fágtha, agus íocaíocht an seachtú tráthchuid i ndáil le haon cheann déag de na fiche céim faoin bPlean.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a leasú dá réir sin.

(14) I bhfianaise riachtanais mhaoiniúcháin phráinneacha na hÚcráine, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**A shuí gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha íocaíochta**

(1) Maidir le comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha i ndáil le híocaíocht pháirteach an chúigiú, an séú agus an seachtú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta dar luach EUR 2 949 367 660 san iomlán, sula ndéantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach, as a gcomhfhreagraíonn EUR 386 258 902 don chúigiú tráthchuid, EUR 796 658 985 don séú tráthchuid agus EUR 1 766 449 773 don seachtú tráthchuid, suitear an comhlíonadh sásúil sin i gcomhréir leis an measúnú arna sholáthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

(2) Suitear cur i bhfeidhm na toisce maolaithe, agus tábhacht na gcéimeanna nár comhlíonadh agus na gcúiseanna nár comhlíonadh iad á gcur san áireamh, chomh maith le tábhacht na gcéimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a comhlíonadh go luath. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na toisce maolaithe, tiocfaidh laghdú ar an luach fíonraí a chomhfhreagraíonn do na céimeanna nár comhlíonadh faoin seachtú tráthchuid faoi mhéid EUR 392 544 392.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'6. I gcás ina bhfuil céim cháilíochtúil nó chainníochtúil amháin nó níos mó atá dlite faoi thráthchuid ar leith gan comhlíonadh go sásúil ag an Úcráin, mar a shainaithnítear san Iarscríbhinn, ach go bhfuil céim cháilíochtúil nó chainníochtúil amháin nó níos mó atá dlite faoi thráthchuid ina dhiaidh sin comhlíonta go sásúil aici cheana féin nó gur

féidir léi a léiriú gur comhlíonadh céim chainníochtúil go páirteach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, an comhlíonadh luath nó páirteach sin a chur san áireamh mar thoisc chun méid na híocaíochta páirtí leis an Úcráin faoin gcéad cheann de na tráthchodanna sin a chinneadh. Cuirfear san áireamh tábhacht na gcéimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla nár comhlíonadh agus na gcúiseanna nár comhlíonadh iad, chomh maith le tábhacht na gcéimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a comhlíonadh go luath.';

(2) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'5. I gcás ina bhfuil céim cháilíochtúil nó chainníochtúil amháin nó níos mó atá dlite faoi thráthchuid ar leith gan comhlíonadh go sásúil ag an Úcráin, mar a shainaithnítear san Iarscríbhinn, ach go bhfuil céim cháilíochtúil nó chainníochtúil amháin nó níos mó atá dlite faoi thráthchuid ina dhiaidh sin comhlíonta go sásúil aici cheana féin nó gur féidir léi a léiriú gur comhlíonadh céim chainníochtúil go páirteach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, an comhlíonadh luath nó páirteach sin a chur san áireamh mar thoisc chun méid na híocaíochta páirtí leis an Úcráin faoin gcéad cheann de na tráthchodanna sin a chinneadh. Cuirfear san áireamh tábhacht na gcéimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla nár comhlíonadh agus na gcúiseanna nár comhlíonadh iad, chomh maith le tábhacht na gcéimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a comhlíonadh go luath.'

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*